



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2016*

*Gaeilge
Ardleibhéal*

Páipéar II

200 MARC

Dé Máirt
14 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 12.35

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrrthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A agus B
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta,
de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Ceist 2: PRÓS:
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 3: FILÍOCHT:
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 4: LITRÍOCHT BHREISE

Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Na Cluichí Olimpeacha – Prionsabail agus Conspóidí

1. Tá samhradh iontach spóirt buailte linn. Tá Euro 2016, Corn na hEorpa sa sacar, ar siúl sa Fhrainc faoi láthair. Den chéad uair riamh, tá dhá fhoireann as Éirinn páirteach ann, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, cuirfear túis leis na Cluichí Olimpeacha i gcathair Rio de Janeiro ag túis mhí Lúnasa. I Londain a tionóladh na cluichí deireanacha in 2012. Tá éacht Katie Taylor i Londain fós beo inár gcuimhne. Bhuaigh sí bonn óir i ndornálaíocht éadrom-mheáchain na mban. Bean as an Rúis a bhí ina coinne sa bhabhta ceannais. Bhí an troid an-chothrom. Bhí teannas san airéine ag deireadh na troda mar cuireadh moill ar fhógairet an toraidh. Ardaíodh na mílte glór san airéine, agus ar fud na hÉireann, nuair a fógraíodh go raibh an bua ag Katie. Ba bhua stairiúil é sin mar glacadh le dornálaíocht na mban mar spórt Olimpeach den chéad uair riamh ag na cluichí in 2012.
2. Ba é Pierre de Coubertin ón bhFrainc a d'athbhunaigh na Cluichí Olimpeacha sa ré nua sa bhliain 1896. Mar oideachasóir, d'aithin de Coubertin tábhacht an chorpoideachais i gcúrsaí oideachais. Throid sé go láidir chun an corpoideachas a chur ar churaclam na scoileanna sa Fhrainc ag an am. Mar staráí, bhí sé an-tógha leis na cuntais a léigh sé faoi na cluichí a bhíodh acu sa tSean-Ghréig. San Aithin a tionóladh na chéad Chluichí Olimpeacha sa ré nua. Reáchtáladh na Cluichí Olimpeacha gach ceathrú bliain ó shin i leith seachas na blianta 1916, 1940 agus 1944 nuair a bhí an dá chogadh dhomhanda ar siúl. Is sa Chairt Oilimpeach a leagtar síos na prionsabail is ceart a leanúint sna Cluichí Olimpeacha. De réir na bpriónsabail sin, is tábhactaí páirt a ghlacadh sna cluichí ná an bua a fháil iontu. Ba cheart an iomaíocht a bheith cothrom agus cóir i gcónaí, agus meas a bheith ag na hiomaitheoirí ar a chéile. Ar an ábhar sin, tá cosc iomlán ar dhrugaí a thugann buntáiste mímhacánta d'iomaitheoirí. Tá sé ina bhunpriónsabal de chuid na gCluichí Olimpeacha gan ligean do lucht na polaitíochta mí-úsáid a bhaint as an spórt nó as na hiomaitheoirí ar mhaith lena gcuospóiri polaitiúla féin.
3. I mBeirlín a tionóladh na cluichí sa bhliain 1936. Bhí an lasair Olimpeach in úsáid ag na Cluichí Olimpeacha sa bhliain 1928, ach tosaíodh nós nua i mBeirlín. Lasadh tóirse le ga na gréine ar Shliabh Olimpia, láthair na gcluichí sa Ghréig sa sean-am. Ansin, iompraíodh an tóirse sin ón nGréig go dtí searmanas oscailte na gCluichí Olimpeacha i mBeirlín. Tá an nós seo fós ina dhlúthchuid de na cluichí. Anois ag na Cluichí Olimpeacha, coimeádtar an lasair Olimpeach sin ar lasadh i bpriónhionad na gcluichí ó thús deireadh na n-imeachtaí. Bhí prionsabail idéalachána gCluichí Olimpeacha go mór faoi ionsaí polaitiúil i mBeirlín an bhliain sin. Bhí an Ghearmáin faoi réimeas Naitsíoch Hitler ag an am. Bhí go leor tíortha buartha go mbainfeadh Hitler agus na Naitsithe leas polaitiúil as an ócáid chun tacú lena ndearcadh ciníoch go raibh an cine geal Airianach níos cumasaí ná aon chine eile. Ach léirigh Jesse Owens, lúthchleasaí gorm ó na Stáit Aontaithe, nach raibh aon bhunús leis an dearcadh Naitsíoch seo nuair a bhuaigh sé ceithre bhonn óir sa lúthchleasaíocht. Ba é Jesse Owens laoch na gcluichí agus tháinig na prionsabail Olimpeacha slán ón mbolscaireacht Naitsíoch.
4. Ba iad na drugaí a bhagair ar phriónsabail idéalachána gCluichí Olimpeacha in Seoul sa bhliain 1988. Moladh Ben Johnson as Ceanada go mór i ndiaidh dó an bonn óir a bhuachan i rás céad méadar na bhfear. Sháraigh sé curiarracht an domhain nuair a rith sé an céad méadar i 9.79 soicind. Ach cúpla lá i ndiaidh a bhua, cuireadh i leith Johnson gur bhain sé úsáid as substaintí stéaróideacha chun buntáiste mímhacánta a fháil ar na hiomaitheoirí eile sa rás. Baineadh an bonn óir de agus níor tugadh aitheantas dá churiarracht. Tháinig sé chun solais in imeacht na mblianta gur ghlac formhór na n-iomaitheoirí sa rás sin drugaí ag am éigin. Ó shin i leith, déantar tástáil rialta agus monatóireacht dhian ar lucht spóirt an domhain chun cosc a chur le húsaíd na ndruaí mídhleathacha sa spórt. Ach fós féin, bionn conspóidí ann go minic faoi úsáid na ndruaí seo le buntáiste mímhacánta a fháil sa spórt. Ní leor priónsabail idéalachána leis an gcothroime a chinntiú.

5. Cúpla mí ó shin, d'eisigh Uachtarán Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Olimpeacha, Thomas Bach, teachtaireacht inar thagair sé don scáil atá ar shaol an spóirt faoi láthair.Luaigh sé na líomhaintí faoi dhrugáí agus faoi bhreabanna in aghaidh iomaitheoirí áirithe atá á bhfiosrú faoi láthair. Dhearbháigh sé arís an dualgas atá ar gach iomaitheoir fanacht dílis don iomaíocht chóir sa spórt. Agus é ag féachaint chun cinn ar na cluichí in Rio de Janeiro, luaigh an tUachtarán Bach na fadhbanna atá sa Bhrasaíl faoi láthair. Tá cúnú eacnamaíochta sa tír, agus tá an difhostaíocht agus an boilsciú ag ardú gan stad. Bhí sé cinnte, áfach, go gcuirfi fáilte roimh na hiomaitheoirí agus roimh an

lucht féachana in Rio. Tá súil aige nach mbeidh conspóid ná scannal ag baint le cluichí 2016. Is é ár nguí anseo in Éirinn go geruthóidh ár gcuid iomaitheoirí Éireannacha go léir go maith sna Cluichí Olimpeacha agus in Euro 2016.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla



Cúig fháinne na gCluichí Olimpeacha

Ceisteanna

1. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi Euro 2016, Corn na hEorpa sa sacar, atá ar siúl faoi láthair. (Alt 1)
 - (b) (i) Cén fáth a raibh teannas san airéine ag deireadh throid Katie Taylor? (Alt 1)
 - (ii) Bua stairiúil ba ea bua Katie, dar leis an údar. Cén chúis atá lena thuairim? (Alt 1)(7 marc)
2. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Pierre de Coubertin mar oideachasóir sa Fhrainc. (Alt 2)
 - (b) (i) Cén fáth nár reáchtáladh na Cluichí Olimpeacha sna blianta 1916, 1940 agus 1944? (Alt 2)
 - (ii) Cad a deirtear sa Chairt Olimpeach faoin iomaíocht sna cluichí? (Alt 2)(7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin nós a tosaíodh i mBeirlín agus atá fós ina dhlúthchuid de na Cluichí Olimpeacha. (Alt 3)
 - (b) (i) Cén fáth a raibh go leor tíortha buartha faoi Hitler agus na Cluichí Olimpeacha? (Alt 3)
 - (ii) Conas a léirigh Jesse Owens nach raibh aon bhunús leis an dearcadh Naitsíoch? (Alt 3)(7 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** chúis ar moladh Ben Johnson ag na Cluichí Olimpeacha in Seoul. (Alt 4)
 - (b) (i) Cad a cuireadh i leith Johnson cúpla lá i ndiaidh dó an rás a bhuachan? (Alt 4)
 - (ii) Cad a dhéantaranois le cosc a chur le húsáid na ndruagaí mídhleathacha sa spórt? (Alt 4)(7 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Uachtarán Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Olimpeacha faoi shaol an spóirt faoi láthair. (Alt 5)
 - (b) (i) Cad iad na fadhbanna atá sa Bhrasaíl faoi láthair, dar leis an Uachtarán Bach? (Alt 5)
 - (ii) Cad é ár nguí anseo in Éirinn, dar leis an údar? (Alt 5)(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla d'ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 1 **agus** sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3.
 - (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** aidhm a bhí ag an údar, dar leat, nuair a scríobh sé an sliocht seo. (Is leor **60** focal.)(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Athrú Aeráide: Fadhb Mhór ár Linne

1. Chonaic mé clár spéisiúil faoin gcomhshaol ar an teilifis le déanaí. Bhí eolaí cáiliúil ag cur síos ar na hathruithe atá tar éis tarlú sa réigiún Artach le caoga bliain anuas. Tá an teocht ag ardú ann agus an leac oighir ag leá dá bharr. Ceaptar go mbeidh iomlán an mhachaire leac oighir san Artach leáite faoi lár na haoise seo. Is tubaiste don dúlra na hathruithe seo, go háirithe don bhéar bán a chónaíonn sa réigiún. Dhírigh an clár seo ar chás an bhéir bháin. Is minic a bhíonn air a shaol a chur i mbaol chun teacht ar bhia atá ag éirí gann. Chonacthas an béal sa chlár ina sheasamh ar aill chung ag faire ar a sheans chun breith ar bhia ón uisce. Tuigimid go léir faoin am seo go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar chúrsaí aimsire, ní hamháin sa réigiún Artach, ach ar fud an domhain. Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá roimh an gcine daonna faoi láthair. Ní haon ionadh mar sin go bhfuil na téarmaí “athrú aeráide”, “téamh domhanda” agus “forbairt inbhuanaithe” le cloisteáil go minic na laethanta seo.

2. In alt san iris *The Yale Review* sa bhliain 1933, scríobh an t-eacnamaí clúiteach John Maynard Keynes go raibh an cine daonna ag scriosadh áilleacht an dúlra toisc nach raibh aon luach airgid ag baint leis an áilleacht sin. Tugadh an chluas bhodhar don rabhadh sin, go háirithe sna blianta tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Tháinig borradh faoin tionscláiocht sa domhan forbartha sna blianta sin. D'éirigh na monarchana níos mó agus sceitheadh níos mó ábhar síobháilach san aer. Ba bheag cosaint a bhí ann don dúlra. Ba léir sula i bhfad go raibh an fás geilleagrach seo agus gníomhaíochta an chine dhaonna ag dul i bhfeidhm go mór ar an gcomhshaol. Faoi lár na 1970idí, tuigeadh do chuid mhór daoine go raibh fadhbanna ag teacht chun cinn agus gur ghá aghaidh a thabhairt orthu. Thosaigh eolaithe ag ardú ceisteanna faoin tionchar a bhí ag forbairt na tionscláiochta ar chúrsaí aimsire. Bhí siad ag fiafraí conas is féidir forbairt thionscláioch a dhéanamh sa saol seo gan an domhan fén a chur i mbaol. Sa bhliain 1987, d'fhoilsigh na Náisiúin Aontaithe tuairimí agus argóintí a lán eolaithe faoin athrú aeráide i dtuarascáil dar teideal *Ár d'Todhchaí Chomóntha*.

3. Sa tuarascáil *Ár d'Todhchaí Chomóntha*, scríobh na heolaithe faoin gcaoi a raibh an t-atmaisféar ag éirí

níos teo, faoin gcaoi a raibh gáis nimhiúla ag sní isteach san atmaisféar agus faoin gcaoi a raibh na patrúin aimsire ag athrú ar fud an domhain. Ó thús na 1990idí, tá toscairí idirnáisiúnta ag bailiú le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an athrú aeráide. Pléann siad ceisteanna casta mar sceitheadh gás nimhiúil, caighdeán an aeir agus an uisce, cosaint na bhforaoisí, agus modhanna glasa táirgthe. Rinneadh dul chun cinn thar na blianta, go háirithe ag an gcuimniú mullaigh in Rio de Janeiro sa bhliain 1992, an *Rio Earth Summit* mar a thugtar air. Ansin, sa bhliain 1997, aontaíodh Prótacal Kyoto. Is é atá sa phrótacal seo ná plean gníomhaíochta idirnáisiúnta chun dul i ggleic leis an athrú aeráide ar fud an domhain. Chuir Prótacal Kyoto ceangal ar gach tír iarracht a dhéanamh timpeallacht ísealcharbóin a chruthú i ngach réimse dá socháí.



4. Tuigeann muintir na hÉireann go bhfuil athruithe tagtha ar phatrúin na haimsire anseo le blianta beaga anuas. Tá teocht na hÉireann ag ardú, tarlaíonn níos mó stoirmeacha, bíonn an geimhreadh níos flice agus titeann níos mó báistí ó cheann ceann na bliana. Is cosúil go raibh tionchar ag go leor den fhorbairt a rinneadh i rith ré an Tíogair Cheiltigh ar na hathruithe ar phatrúin na haimsire. Milleadh páircéanna glasa nuair a tógadh eastáit mhóra tionscláiochta agus tithíochta orthu. Tháinig ardú ar úsáid na mbreoslaí iontaise, ola agus gás. Cheannaigh daoine carranna móra agus tháinig méadú ar an trácht ar na bóithre. Chuaigh níos mó daoine ar eitiltí thar lear. Déanann an t-aerthaisteal an-dochar don chiseal ózín agus laghdaíonn sé sin an chosaint atá ag an domhan ar an radaíocht ultraivialait, rud a chuireann leis an téamh domhanda agus leis an athrú aeráide.

5. Is sa tuarascáil *Ár dTodhchaí Chomóntha* a úsáideadh an téarma “forbairt inbhuanaithe” den chéad uair. Is é atá i gceist le forbairt inbhuanaithe ná forbairt nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht. Is dúshlán pearsanta do gach duine é dul i ngleic ina shaol féin leis an athrú aeráide agus tabhairt faoin bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Is fearr siúl nó rothaíocht ná an carr a úsáid ar thuras ghairide. Is fearr, ó thaobh shláinte na cruinne de, bus nó traein a úsáid ar thuras fhada. Is ceart gearradh siar ar eitiltí. Is minic an tUachtaráin Ó hUiginn, ag caint ar an bhforbairt inbhuanaithe. In óráid a rinne sé le déanaí, mar shampla, mhol sé don aos óg a ndícheall

a dhéanamh i gcónaí chun a dheimhniú go mbeadh an domhan níos sláintiúla ina ndiaidh. Nuair a tháinig na ceannairí idirnáisiúnta le chéile ag ollchruinníú i bPáras i mí na Nollag seo caite, d'aontaigh siad dlús a chur leis an obair le sochaí ísealcharbóin a chruthú ar fud an domhain faoin m bliain 2030. Ach tá an cheist chrua ann i gcónaí - an gcuirfear an gealltanás breá sin i bhfeidhm?

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Cad iad na hathruithe atá tar éis tarlú sa réigiún Artach le caoga bliain anuas? (Alt 1)
- (b) (i) Cén fáth a mbíonn ar an mbéar bán a shaol a chur i mbaol go minic? (Alt 1)
(ii) Cad é an dúshlán is mó atá roimh an gcine daonna faoi láthair? (Alt 1) (7 marc)
2. (a) Cad a scríobh John Maynard Keynes faoin mbaint a bhí ag an gcine daonna le háilleacht an dúlra? (Alt 2)
- (b) (i) Cén t-athrú a tharla sa domhan forbartha sna blianta tar éis an Dara Cogadh Domhanda? (Alt 2)
(ii) Cad a bhí á fhiagraí ag na heolaithe faoi lár na 1970idí? (Alt 2) (7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** rud ar scríobh na heolaithe fúthu sa tuarascáil *Ár dTodhchaí Chomóntha*. (Alt 3)
- (b) (i) Scríobh síos **dhá** cheann de na ceisteanna casta a phléann na toscairí idirnáisiúnta go rialta. (Alt 3)
(ii) Cén ceangal a chuir Prótacal Kyoto ar gach thír? (Alt 3) (7 marc)
4. (a) Cad iad na hathruithe atá tagtha ar phatrúin na haimsire in Éirinn le blianta beaga anuas? (Tabhair **dhá** cheann díobh.) (Alt 4)
- (b) (i) Cad a tógadh ar pháircéanna glasa in Éirinn i rith ré an Tíogair Cheiltigh? (Alt 4)
(ii) Conas a chuireann an t-aerthaisteal leis an téamh domhanda? (Alt 4) (7 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** cheann de na moltaí a dhéanann an t-údar maidir le cúrsaí taistil. (Alt 5)
- (b) (i) Cad a mhol an tUachtaráin Ó hUiginn don aos óg a dhéanamh? (Alt 5)
(ii) Cad a d'aontaigh na ceannairí idirnáisiúnta ag ollchruinníú i bPáras? (Alt 5) (7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocail baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.
- (b) Déan plé i **d'fhocail féin** ar **dhá** phointe eolais faoin athrú aeráide a luann an t-údar sa sliocht seo. (Is leor **60** focal.) (15 mharc)

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

2A. Prós Ainmnithe

Maidir leis an scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann díobh seo a leanas:

- (i) An léiriú a fhaighimid ar Oisín mar dhuine grámhar dílis sa scéal.
- (ii) An pháirt a ghlacann Pádraig Naofa sa scéal. (Is leor **dhá** phointe eolais.)
- (iii) Scríobh síos **dhá** shampla den áibhéal sa scéal **agus** déan plé gairid ar gach ceann díobh.

(30 marc)

2B. Prós Roghnach

Ní cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, freagair do rogha **dhá** cheann díobh seo a leanas:

- (i) Scríobh síos an tréith is mó atá ag an bpríomhcharachтар (ag an bpríomhphearsa) sa scéal. Déan cur síos ar an léiriú a dhéantar ar an tréith sin sa scéal.
- (ii) Ainmnigh an mioncharachтар (an mhionphearsa) is tábhachtaí sa scéal, dar leat. Cén pháirt atá aige/aici sa scéal? (Is leor **dhá** phointe eolais.)
- (iii) Cad í an tréith bhéaloidis is mó atá sa scéal, dar leat? Scríobh síos **dhá** shampla den tréith sin sa scéal **agus** déan plé gairid ar gach ceann díobh.

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scriobh síos go cruinn.

(30 marc)

Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

- FILÍOCHTAINMNITHE nó FILÍOCHT ROGNACH - (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) Cad é an príomhthéama sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos), dar leat?
Déan plé ar na híomhána a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú.
(15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is láidre a léiríonn an file sa dán seo?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)
(6 mharc)
- (iii) Úsáideann an file go leor aidiachtaí sa dán. Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí sin agus déan plé gairid ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat.
(9 marc)

An tEarrach Thiar

1.	Fear ag glanadh cré De ghímseán spáide Sa gciúineas shéimh I mbrothall lae: Binn an fhuaim San Earrach thiar.	3.	Mná i locháin In íochtar diaidh-thrá, A gcótaí craptha, Scáilí thíos fúthu: Támh-radharc síothach San Earrach thiar.
2.	Fear ag caitheadh Cliabh dhá dhroim, Is an fheamainn dhearg Ag lonrú I dtaitneamh gréine Ar dhuirling bháin: Niamhrach an radharc San Earrach thiar.	4.	Toll-bhuillí fanna Ag maidí rámha, Currach lán éisc Ag teacht chun cladaigh Ar ór-mhuir mhall I ndeireadh lae; San Earrach thiar.

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa dán, dar leat?
Déan plé ar an bhforbairt a dhéanann an file ar an bpriomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.
(15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)
(6 mharc)
- (iii) Cad í an teicníc is mó a thaitníonn leat sa dán? Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin teicníc sin sa dán.
(9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

4A. An Triail

“Á, bhuel! Glacaimis misneach. Níl a fhios ag aon duine beo cad tá roimhe,” arsa Pádraig le Máire oíche an rince sa teach scoile.

Déan plé ar an gcineál saoil a bhí roimh Mháire ón oíche sin ar aghaidh **agus** ar an gcaoi a ndeachaigh sí i ngleic leis an saol sin sa dráma *An Triail*. (40 marc)

4B. A Thig Ná TitOrm

“Tugann Maidhc Dainín cuntas an-taitneamhach dúinn ar an tréimhse a chaith sé i gCeardscoil an Daingin **agus** ar shamhradh na bliana 1958 ina dhírbheathaisnéis *A Thig Ná TitOrm*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Tá an draíocht **agus** an áibhéal ag baint le cuid mhór de na heachtraí a tharlaíonn sa *Tóraíocht*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4D. Gafa

“Tá an mháthair, Eithne, turseach ó bheith ag plé le cás Eoin **agus** turseach den easpa tacaíochta ó Breandán sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4E. Canary Wharf

“Ní fheadar an gcuirfeadh cúrsaí mar a thit siad amach, díomá ar an Uasal Maxwell,” a smaoinigh Oscar dó féin sa scéal *Mil*.

Déan plé ar na himeachtaí a tharla i ndiaidh bhás Maxwell **agus** ar an toradh a bhí ar na himeachtaí sin. (40 marc)

4F. Dánta Breise – Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

Nóta: Bain úsáid as Leagan 1 **nó** as Leagan 2 (lgh 11-12 thall) den dán i do fhreagraí.

(i) Cén léiriú a thugtar dúinn ar an gcineál duine é Art Ó Laoghaire sna línte 8-35 den dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* (thall)? (18 marc)

(ii) Cad é an mothúchán is mó atá sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. (12 mharc)

(iii) Cén meadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán. (10 marc)

Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Leagan 1		Leagan 2	
I		I	
			Eibhlín Dhubh
			(i)
4	<p>Mo ghrá go daingean tu! Lá dá bhfaca thu Ag ceann tí an mhargaidh, Thug mo shúil aire dhuit, Thug mo chroí taitneamh duit, D'éalaíos óm charaid leat I bhfad ó bhaile leat.</p>	5	<p>Mo ghrá go daingean tu ! Lá dá bhfaca thu Ag ceann tí an mhargaidh, Thug mo shúil aire dhuit, Thug mo chroí taitneamh duit, D'éalaíos óm charaid leat I bhfad ó bhaile leat.</p>
8	<p>Is domhsa nár bh aithreach: Chuiris parlús á ghealadh dhom Rúmanná á mbreacadh dhom, Bácús á dheargadh dhom,</p>	10	<p>Is domhsa nár bh aithreach: Chuiris parlús á ghealadh dhom Rúmanná á mbreacadh dhom, Bácús á dheargadh dhom,</p>
12	<p>Bríci á gceapadh dhom, Rósta ar bhearaibh dom, Mairt á leagadh dhom;</p>	15	<p>Bríci á gceapadh dhom, Rósta ar bhearaibh dom, Mairt á leagadh dhom;</p>
16	<p>Codladh i gclúmh lachan dom Go dtíodh an t-eadartha Nó thairis dá dtaitneadh liom.</p>		<p>Codladh i gclúmh lachan dom Go dtíodh an t-eadartha Nó thairis dá dtaitneadh liom.</p>
			(ii)
20	<p>Mo chara go daingean tu! Is cuimhin lem aigne An lá breá earraigh úd, Gur bħreá thíodh hata dhuit</p>	20	<p>Mo chara go daingean tu ! Is cuimhin lem aigne An lá breá earraigh úd, Gur bħreá thíodh hata dhuit</p>
24	<p>Faoi bhanda óir tarraigthe, Claíomh cinn airgid – Lámh dheas chalma – Rompsáil bhagarthach –</p>	25	<p>Faoi bhanda óir tarraigthe, Claíomh cinn airgid – Lámh dheas chalma – Rompsáil bhagarthach –</p>
28	<p>Fír-chritheagla Ar námhaid chealgach – Tú i gcóir chun falaracht, Is each caol ceannann fút.</p>	30	<p>Fír-chritheagla Ar námhaid chealgach – Tú i gcóir chun falaracht, Is each caol ceannann fút.</p>
32	<p>D'umhlaídís Sasanaigh Síos go talamh duit, Is ní ar mhaithe leat Ach le haon-chorp eagla,</p>	35	<p>D'umhlaídís Sasanaigh Síos go talamh duit, Is ní ar mhaithe leat Ach le haon-chorp eagla,</p>
	<p>Cé gur leo a cailleadh tu, A muirnín mh'anama.</p>		<p>Cé gur leo a cailleadh tu, A muirnín mh'anama.</p>
	<i>(ar lean thall ar lch 12)</i>		<i>(ar lean thall ar lch 12)</i>

Leagan 1 (ar lean)		Leagan 2 (ar lean)	
36	<p>Mo chara thu go daingean! Is nuair thiocfaidh chugham abhaile Conchubhar beag an cheana Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh,</p> <p>40 Fiafróid díom go tapaidh Cár fhágas féin a n-athair. 'Neosad dóibh faoi mhairg Gur fhágas i gCill na Martar.</p> <p>44 Glaofaid siad ar a n-athair, Is ní bheidh sé acu le freagairt.</p>	40	<p>(iv) A mharcaigh na mbán-ghlac ! Is maith thíodh biorán duit Daingean faoi cháimbric, Is hata faoi lása.</p>
48	<p>Mo chara thu go daingean! Is níor chreideas riamh dod mharbh Gur tháinig chugham do chapall Is a srianta léi go talamh, Is fuli do chroí ar a leacain</p> <p>52 Siar go t'iallait ghreanta Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh. Thugas léim go tairsigh, An dara léim go geata, An tríú léim ar do chapall.</p>	45	<p>Tar éis teacht duit thar síle Glantaí an tsráid duit, Is ní le grá dhuit Ach le han-chuid gráine ort.</p>
56	<p>Do bhuaileas go luath mo bhasa Is do bhaineas as na reathaibh Chomh maith is bhí sé agam, Go bhfuaras romham tu marbh</p> <p>60 Cois toirín ísil aitinn, Gan Pápa gan easpag, Gan cléireach gan sagart Do léifeadh ort an tsailm,</p> <p>64 Ach seanbhean chríonna chaite Do leath ort binn dá fallaing – Do chuid fola leat 'na sraithibh; Is níor fhasas le hí ghlanadh</p> <p>68 Ach i ól suas lem basaibh.</p>	55	<p>(v) Mo chara thu go daingean ! Is nuair thiocfaidh chugham abhaile Conchubhar beag an cheana Is Fear Ó Laoghaire, an leanbh, Fiafróid díom go tapaidh Cár fhágas féin a n-athair. 'Neosad dóibh faoi mhairg Gur fhágas i gCill na Martar.</p>
177	<p>Mo ghrá thu agus mo rún! Tá do stácaí ar a mbonn, Tá do bha buí á gcrú;</p> <p>180 Is ar mo chroí atá do chumha Ná leigheasfadhbh Cúige Mumhan Ná Gaibhne Oileáin na bhFionn.</p> <p>184 Go dtiocfaidh Art Ó Laoghaire chugham Ní scaipfidh ar mo chumha Atá i lár mo chroí á bhrú, Dúnta suas go dlúth</p> <p>188 Mar a bheadh glas a bheadh ar thrúnc 'S go raghadh an eochair amú.</p>	60	<p>Gaoil Iarla Antroim Is Bharraigh ón Allchoill, Is breá thíodh lann duit, Hata faoi bhanda, Bróg chaol ghallda, Is culaithe den abhras A sníomhthaí thall duit.</p>
177		65	<p>(vi) Mo chara is mo ghamhain tu ! Gaol Iarla Antroim Is Bharraigh ón Allchoill, Is breá thíodh lann duit, Hata faoi bhanda, Bróg chaol ghallda, Is culaithe den abhras A sníomhthaí thall duit.</p>
177		65	<p>(vii) Mo chara thu go daingean ! Is níor chreideas riamh dod mharbh Gur tháinig chugham do chapall Is a srianta léi go talamh, Is fuli do chroí ar a leacain Siar go t'iallait ghreanta Mar a mbítheá id shuí 's id sheasamh.</p>
180		177	<p>(ix) Níor dheineas dá chaint ach magadh, Mar bhíodh á rá liom go minic cheana.</p>
180		180	<p>(xx) Mo chara thu is mo chuid ! A mharcaigh an chláimh ghil, Éirigh suas anois, Cuir ort do chulaith Éadaigh uasail ghlain,</p>
185		185	<p>Cuir ort do bhéabhar dubh, Tarraing do lámhainní umat. Siúd í in airde t'fhuip; Sin í do láir amuigh.</p>
188		188	<p>Buail-se an bóthar caol úd soir</p>